Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2024
(OR. en)

9245/24

FISC 88
ECOFIN 503
AND 4
CH 9
FL 20
MC 4
SM 4
AELE 31

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena leasaítear na Comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne, faoi seach |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena leasaítear na Comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne, faoi seach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise[1], Prionsacht Lichtinstéin[2], Prionsacht Andóra[3], Prionsacht Mhonacó[4] agus Poblacht San Mairíne[5], faoi seach (‘na Comhaontuithe’), foráiltear an bunús dlí chun faisnéis i dtaca le cuntais airgeadais a uathmhalartú go cómhalartach idir gach Ballstát agus gach ceann de na triú tíortha sin, i gcomhréir le Comhchaighdeán Tuairiscithe (‘CRS’) arna ghlacadh go hidirnáisiúnta a d’fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (‘ECFE’). Tá sé d’aidhm ag na Comhaontuithe feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta agus an tráth céanna cúnamh a thabhairt do na húdaráis chánach chun dul i ngleic le calaois chánach agus imghabháil cánach, agus chun iad a chosc.

---

1 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntas airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonacht cánach idirnáisiúnta (IO L 385, 29.12.2004, lch. 30).

2 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntas airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonacht cánach idirnáisiúnta (IO L 379, 24.12.2004, lch. 84).

3 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra ar mhalartú uathoibríoch faisnéise cuntas airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonacht cánach idirnáisiúnta (IO L 359, 4.12.2004, lch. 33).

4 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán um Malartú Uathoibríoch Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) (IO L 19, 21.1.2005, lch. 55).

5 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le malartú uathoibríoch faisnéise i dtaca le cuntas airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíonacht cánach idirnáisiúnta (IO L 381, 28.12.2004, lch. 33).

(2) Cuirtear CRS chun feidhme laistigh den Aontas le haghaidh malartuithe idir na Ballstáit faoi Threoir 2011/16/AE ón gComhairle[6].

(3) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar CRS in ECFE an 26 Lúnasa 2022. Tá na hathruithe sin le cur chun feidhme ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(4) Foráiltear cur chun feidhme na n-athruithe sin laistigh den Aontas trí bhíthin leasaithe ar Threoir 2011/16/AE.

(5) I ngach ceann de na Comhaontuithe tá forálacha comhionanna lena bhforáiltear go bhfuil comhairliúcháin fhoirmiúla dhéthaobhacha idir na Páirtithe Conarthacha le bheith ar siúl nuair a ghlacfar athrú tábhachtach ar leibhéal ECFE ar aon cheann de ghnéithe CRS agus ina dhiaidh sin is féidir an comhaontú sin a leasú trí phrótacal nó trí chomhaontú nua idir na Páirtithe Conarthacha

(6) Is chun leasa an Aontais agus a Bhallstát é a áirithiú go leanfar gan bhriseadh tar éis an 1 Eanáir 2026 leis an gcomhar i réimse an uathmhalartaithe faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir na húdaráis chánach dá bhforáiltear sna Comhaontuithe.

---

6 Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena aisghairtear Treoir 77/799/CE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

(7) Chuige sin, ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn na Comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais a leasú chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne, faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, chun na Comhaontuithe maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais a leasú chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne, faoi seach.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh sin. Déanfar athbhreithniú agus tuilleadh forbartha ar na treoracha sin faoi mar is iomchuí, ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

2. Déanfar an chaibidlíocht i ndlúthchomhar le Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Tuairisceoidh an Coimisiún don choiste speisialta agus rachaidh sé i gcomhairle leis ar bhonn rialta. Arna iarraidh sin ag an gComhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*